CINNEADH (CBES) 2020/250 ÓN GCOMHAIRLE

an 25 Feabhra 2020

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1248 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 18 Meán Fómhair 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1248 ([1]) lena gceaptar Susanna TERSTAL mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir. Tá sainordú ISAE le dul in éag ar an 29 Feabhra 2020.

(2) Ba cheart síneadh 12 mhí breise a chur le sainordú ISAE do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Márta 2020 go dtí an 28 Feabhra 2021.

(3) Cuirfidh ISAE do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1248 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"Airteagal 1

Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh

Cuirtear síneadh, le sainordú Susanna TERSTAL mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir go dtí an 28 Feabhra 2021. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.".

(2) In Airteagal 5(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Is é EUR 1 182 524,33 an méid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Márta 2020 go dtí an 28 Feabhra 2021 a chumhdach.".

(3) In Airteagal 14 , cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Déanfar an tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ó ISAE maidir leis an sainordú a chur chun feidhme a chur i láthair ar an 30 Samhain 2020.".

([1]) Cinneadh (CBES) ón gComhairle 2018/1248 an 18 Meán Fómhair 2018 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir (IO L 235, 19.9.2018, lch. 9).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha. Beidh feidhm aige ón 1 Márta 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Feabhra 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ